



An Bhruiséil, 21 Samhain 2025  
(OR. en)

15421/1/25  
REV 1

LIMITE

DATAPROTECT 299  
JAI 1685  
SIMPL 182

## NÓTA

---

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	An bealach chun cinn le haghaidh chur i bhfeidhm simplithe an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) – Staid na himeartha

---

In oirchill an chruinnithe a bheidh ag an gComhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (Ceartas), gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn tuarascáil ón Uachtaránacht maidir le bealach chun cinn le haghaidh chur i bhfeidhm simplithe an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).

Is é is aidhm don tuarascáil seo cuimsiú, achoimre agus anailís a dhéanamh ar phríomhthoradh an phlé a rinneadh faoi Uachtaránacht na Danmhairge maidir le simpliú agus cur chun feidhme RGCS agus ar na príomhthátail a bhainfear as an bplé sin, mar aon le hachoimre ar na bealaí féideartha chun cinn d'fhonn cur leis an machnamh a dhéanfar amach anseo ar RGCS, mar obair leantach ar idirphlé cur chun feidhme an Choimisiúin a tionóladh i mí Iúil 2025, agus in oirchill an togra Omnibus Digiteach atá ar na bacáin.

Tar éis na tuarascála, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Omnibus Digiteach<sup>1</sup>, ina n-áirítear roinnt leasuithe ar RGCS. Cé go dtugtar aghaidh sna leasuithe atá beartaithe ar chuid de na pointí a ardaíodh le linn na malartuithe laistigh den Chomhairle maidir leis an ábhar, níl sé d'aidhm ag an tuarascáil ón Uachtaránacht ná ag an gcur i láthair a rinneadh uirthi le linn chruinniú na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile tús a chur leis an bplé a dhéanfar amach anseo maidir leis na tionscnaimh reachtacha ná teacht roimh an bplé sin.

Sa chomhthéacs sin, cuireann an Uachtaránacht chun suntais go dtugtar aghaidh sa tuarascáil ar dhearcadh níos leithne, lena n-áirítear tionscnaimh reachtacha agus neamhreachacha araon, ar féidir breathnú orthu chun cur le tuilleadh tionscnamh beartais a bhaineann le simpliú agus cur i bhfeidhm riail-leabhar digiteach an Aontais d'fhonn iomaíochas domhanda an Aontais a fheabhsú.

---

---

<sup>1</sup> Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/679, (AE) 2018/1724, (AE) 2018/1725, (AE) 2023/2854 agus Treoracha 2002/58/CE, (AE) 2022/2555 agus (AE) 2022/2557 a mhéid a bhaineann leis an gcreat reachtach digiteach a shimpliú, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) 2018/1807, (AE) 2019/1150, (AE) 2022/868, agus Treoir (AE) 2019/1024 (Omnibus Digiteach)

**TUARASCÁIL ÓN UACHTARÁNACHT**

**AN BEALACH CHUN CINN LE hAGHAIDH CHUR I bhFEIDHM SIMPLITHE  
AN RIALACHÁIN GHINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (RGCS)**

**I. RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA**

Tá an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), ó glacadh é in 2016, ar cheann de phíosaí reachtaíochta suntasacha de chuid an Aontais, rud a fhágann go bhfuil sé mar chuspóir ag eagraíochtaí agus gníomhaíochtaí laethúla daoine aonair cosaint sonraí pearsanta a neartú agus muinín a chothú i sreafaí sonraí trasteorann ar fud an Aontais.

Sa seasamh is déanaí uaithi maidir le cur i bhfeidhm RGCS, a glacadh i mí na Nollag 2023<sup>1</sup>, mheas an Chomhairle go bhfuil rath fós ar an Rialachán. A bhuí leis an Rialachán, d'éirigh go maith le comhchuibhiú dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí agus maidir le cultúr cosanta sonraí a neartú ar leibhéal an Aontais. Trína chur i bhfeidhm, cuireadh feabhas ar mhuinín agus ar dheimhneacht dhlíthiúil, éascaíodh sreafaí sonraí trasteorann laistigh den Aontas, agus chuaigh an méid sin chun tairbhe don mhargadh inmheánach agus d'fhorbairt an gheilleagair dhigitigh.

Chuir an Chomhairle in iúl, áfach, go bhfuil dúshlán phraiticiúla maidir le cur chun feidhme fós roimh eagraíochtaí príobháideacha agus eagraíochtaí poiblí araon, agus go rachadh sé chun tairbhe fós do chur i bhfeidhm fhorálacha sonracha RGCS dá dtabharfaí tuilleadh soiléireachta agus treoracha ina leith chun comhsheasmhacht agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú. Dá bhrí sin, chuir an Chomhairle in iúl gur gá féachaint ar bhearta chun gur féidir RGCS a chomhlíonadh, go háirithe d'eintitis bheaga.

---

<sup>1</sup> 15507 2023 - Seasamh agus torthaí ón gComhairle i ndáil le cur i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí

Le linn an scrúdaithe sin, tháinig forbairt ar an measúnú sin ansin, go háirithe i bhfianaise na forbartha breise ar leabhar rialacha digiteacha an Aontais, ach freisin chun aghaidh a thabhairt ar an ngá méadaitheach atá le rialáil níos simplí agus le hualaí rialála a laghdú, mar chéimeanna ríthábhachtacha i dtreo Eoraip níos iomaíche, níos simplí agus níos tapúla.

Is sa chomhthéacs sin, agus d'fhonn **díospóireacht níos leithne a spreagadh maidir le cur i bhfeidhm simplithe RGCS**, chuir Uachtaránacht na Danmhairge ardán ar fáil go gníomhach le haghaidh **plé polaitiúil agus teicniúil laistigh den Chomhairle, chun bealaí chun cinn a éascú do thodhchaí dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí** agus chun a áirithiú go gcuirfear ionchur na mBallstát san áireamh sa mhachnamh leanúnach a dhéanann an Coimisiún maidir le RGCS<sup>2</sup>.

Déanfar an díospóireacht sin a mheas freisin i bhfianaise thosaíocht Uachtaránacht na Danmhairge tacú le clár oibre an Choimisiúin maidir le simpliú a chur chun cinn. I gcomhréir leis an iarraidh ó Cheannairí Stáit agus Rialtais na hEorpa go n-úsáidfí na hionstraimí agus na beartais uile chun borradh a chur faoi iomaíochas an Aontais<sup>3</sup>, measann an Uachtaránacht go bhfuil sé tábhachtach measúnú a dhéanamh freisin ar an gcaoi ar féidir gníomhartha reachtacha an Aontais a bhaineann leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais a shimpliú chun iomaíochas domhanda an Aontais Eorpaigh a neartú.

Tionscnamh ábhartha amháin i ndáil leis sin is ea togra Omnibus IV, lena n-áirítear modhnuithe spriocdhírthe ar RGCS chun an t-ualach a bhaineann le hoibleagáidí coimeádta taifead ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) agus ar Chuideachtaí Meánchaipitlithe Beaga (CMBanna) a laghdú. Thángthas ar chur chuige ginearálta ón gComhairle cheana féin i mí Mheán Fómhair 2025 maidir leis an togra seo.

---

<sup>2</sup> [https://commission.europa.eu/document/download/835dfd02-a38c-4cc3-ba53-5b0499e2b8b9\\_en?filename=Summary%20Conclusions%20Implementation%20Dialogue%20on%20the%20GDPR.pdf](https://commission.europa.eu/document/download/835dfd02-a38c-4cc3-ba53-5b0499e2b8b9_en?filename=Summary%20Conclusions%20Implementation%20Dialogue%20on%20the%20GDPR.pdf)

<sup>3</sup> <https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/11/08/the-budapest-declaration/>

Ag dul níos faide ná an togra seo, chuir an Uachtaránacht tús le díospóireacht bheartais níos leithne, ag tógáil ar dhá phlé maidir le príomh-gharspriocanna:

- An 23 Iúil 2025, le linn an chruinnithe neamhfhoirmiúil a bhí acu i gCóbanhávan, **bhí seisiún oibre ag na hAirí Dlí agus Cirt maidir le ‘Simpliú agus RGCS - cothromaíocht a bhaint amach idir an t-iomaíochas agus an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint i gcreat dlíthiúil láidir Eorpach’.**
- An 10 Deireadh Fómhair 2025, mar obair leantach ar phlé na nAirí, **bhí plé tiomnaithe ag an Meitheal um Chosaint Sonraí maidir leis an ualach riaracháin a bhaineann le RGCS a laghdú.**

Is é is aidhm don tuarascáil seo ón Uachtaránacht achoimre agus anailís a dhéanamh ar phríomhthoradh an phlé sin agus ar na príomhthátail a bhainfear as, mar aon le bealaí féideartha chun cinn d’fhonn cur leis an machnamh a dhéanfar amach anseo ar RGCS, mar obair leantach ar idirphlé cur chun feidhme an Choimisiúin a tionóladh i mí Iúil 2025, agus in oirchill an togra Omnibus Digiteach atá ar na bacáin.

## **II. AGHAIDH A THABHAIRT AR AN nGÁ ATÁ LE COTHROMAÍOCHT A BHAINT AMACH IDIR CEARTA BUNÚSACHA, IOMAÍOCHAS AGUS NUÁLAÍOCHT FAOI RGCS**

Rinne an Uachtaránacht a dícheall ardán a chur ar fáil chun tacú le plé cuimsitheach maidir le simpliú agus RGCS, agus aird ar leith á tabhairt ar cheist na réimsí nó na gcineálacha cásanna ina bhféadfadh ualach nach bhfuil gá leis a bheith mar thoradh ar RGCS agus ina bhféadfaí, dá bhrí sin, é a shimpliú.

Leis an machnamh beartais a tionscnaíodh, leagadh béim ar dhialachtaic leanúnach idir dhá sprioc beartais uileghabhálacha: **na cearta bunúsacha maidir le cosaint sonraí pearsanta agus an tacaíocht don iomaíochas agus don nuálaíocht laistigh de mhargadh digiteach na hEorpa a chaomhnú**. Le linn na malartuithe a tionóladh faoi Uachtaránacht na Danmhairge, meabhraíodh go bhfuil RGCS fós ina ionstraim thábhachtach chun sonraí pearsanta daoine aonair a chosaint agus, ag an am céanna, sreabhadh sonraí a chumasú ar fud an Aontais agus níos faide i gcéin.

- Ar an iomlán, measann an Uachtaránacht gur athdhearbhaíodh leis na tuairimí éagsúla a cuireadh in iúl an tiomantas polaitiúil do bhunról na gceart bunúsach san Aontas agus don tábhacht chothrománach a bhaineann le simpliú. Dá bhrí sin, léirigh na tuairimí cur chuige cothrom: prionsabail chosanta láidre RGCS a chaomhnú agus feabhsuithe agus soiléirithe pragmatacha spriocdhírthe á lorg ag an am céanna lena bhfeabhsaítear cur chun feidhme praiticiúil, lena laghdaítear ualaí nach bhfuil gá leo, agus lena n-áirithítear cumarsáid chomhchuí le leabhar rialacha digiteacha an Aontais.
- Tugann an Uachtaránacht dá haire go léiríonn codanna substaintiúla den ionchur a fuarthas oscailteacht maidir le leasuithe spriocdhírthe a dhéanamh ar RGCS bunaithe ar fhianaise phraiticiúil. Ag an am céanna, luann roinnt toscaireachtaí ábhair inní a bhaineann leis an tionchar ar an leibhéal cosanta agus ar dheimhneacht dhlíthiúil do ghnólachtaí mar argóintí cinntitheacha i gcoinne leasuithe spriocdhírthe fiú.
- Cuireann an Uachtaránacht chun suntais nach bhfeictear i measc na mBallstát gur gá RGCS a athoscailt go hiomlán agus gurb é an dearcadh atá ann faoi láthair gur léir go gcuirtear creat rathúil athléimneach ar fáil le croíphrionsabail, loighic agus struchtúr an rialacháin. Mar sin féin, tá géarghá fós le tuilleadh treorach agus tacaíochta maidir lena gcur i bhfeidhm.

Measann an Uachtaránacht gur spreagadh luachmhar é an plé a rinneadh ar an leibhéal polaitiúil chun leanúint den phlé ar an leibhéal teicniúil laistigh den Chomhairle chun **cur leis an bplé leanúnach beartais a bhaineann le simpliú agus le leabhar rialacha digiteacha an Aontais**.

Rannchuidigh an Coimisiún Eorpach freisin leis na seisiúin a reáchtáladh le roinnt míonna anuas, go háirithe trí aiseolas a fuarthas mar chuid d'idirphlé cur chun feidhme RGCS a tionóladh i mí Iúil 2025 a chomhroinnt, ach freisin trí fhaisnéis a chur ar fáil maidir lena mhachnamh agus maidir le tionscnaimh leantacha a d'fhéadfaí a dhéanamh.

### **III. GRINNMHACHNAMH AR AN mBEALACH CHUN CINN LE hAGHAIDH CHUR I bhFEIDHM SIMPLITHE RGSC**

Ba léir go ndeachaigh an plé tiomnaithe a rinneadh sa Mheitheal um Chosaint Sonraí an 10 Deireadh Fómhair 2025 chun tairbhe go háirithe do ghrinnbhreithnithe maidir le bearta nithiúla chun comhlíonadh RGCS a mhaolú – trí threoraíocht agus trí shimplithe spriocdhírthe a d'fhéadfaí a dhéanamh araon. Roimh an bplé sin, bhí seisiún tuairimíochta ann le Anu Talus, Cathaoirleach an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí (BECS) inar díriodh go háirithe ar Ráiteas Heilsincí ón mBord maidir le soiléireacht, tacaíocht agus rannpháirtíocht fheabhsaithe<sup>4</sup>. Sa seisiún sin, bhíodhas in ann tuilleadh léargais a fháil ar thionscnaimh nua BECS chun comhlíonadh RGCS a dhéanamh níos éasca, go háirithe do mhicrea-eagraíochtaí, d'eagraíochtaí beaga agus d'eagraíochtaí meánmhéide, chun comhsheasmhacht a neartú agus chun borradh a chur faoin gcomhar trasrialála.

---

<sup>4</sup> Ráiteas Heilsincí maidir le soiléireacht, tacaíocht agus rannpháirtíocht fheabhsaithe - Cur chuige maidir le cearta bunúsacha i leith na nuálaíochta agus an iomaíochais, arna ghlacadh an 2 Iúil 2025: [edpb-statement-20250702-enhanced-clarity-support-engagement\\_en\\_0.pdf](#)

Le linn an ghrinnphlé sin laistigh den Mheitheal, iarradh ar na toscaireachtaí machnamh a dhéanamh ar na bearta uile, bídís ina mbearta reachtacha nó ina mbearta eile, a d'fhéadfadh rannchuidiú leis na hualaí riaracháin a bhaineann le RGCS<sup>5</sup> a laghdú, d'fhonn tuilleadh ionchuir a chur ar fáil do bhreithnithe leanúnacha an Choimisiúin agus do chur chun feidhme Ráiteas Heilsincí BECS. Mar obair leantach ar an bplé sin, fuair an Uachtaránacht aighneachtaí i scríbhinn<sup>6</sup> ó 9 dtoscaireacht, inar díródh arís ar na príomhghnéithe nach mór aghaidh a thabhairt orthu chun comhlíonadh RGCS a mhaolú.

- Is cosúil go ndearbhaítear treo leanúnach beartais leis an bplé ar an leibhéal teicniúil: **croíphrionsabail RGCS a chaomhnú agus, ag an am céanna, deireadh a chur le bacainní nós imeachta a dhéanann difear díréireach do rialaitheoirí beaga.** Tháinig comhréireacht agus an cur chuige rioscabhunaithe chun cinn mar lionsa anailiseach tábhachtach chun na críche sin.
- Dearbhaíodh sa phlé agus san ionchur a tugadh go bhfuil **comhdhearcadh leathan ann nach mbeadh athoscailt iomlán RGCS mar chreat dlíthiúil tairbhiúil.** Leag roinnt toscaireachtaí béim freisin ar an ngá atá le comhairliúchán leathan agus tograí fianaisebhunaithe a áirithiú chun an creat reachtach a choigeartú nó a fheabhsú a thuilleadh.
- Aontaítear i gcoitinne gur féidir le **forfheidhmiú, treoír agus cur chun feidhme feabhsaithe rannchuidiú le cur i bhfeidhm simplithe RGCS.** Chuir roinnt toscaireachtaí **tograí nithiúla ar aghaidh freisin le haghaidh leasuithe spriocdhírithé ar an gcreat reachtach atá ann faoi láthair.**

---

<sup>5</sup> WK 12926 2025 - Na hualaí riaracháin a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a laghdú - Plépháipéar

<sup>6</sup> WK 14186 2025 - Na hualaí riaracháin a bhaineann leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) a laghdú - Barúlacha ó na Ballstáit

**(a) Deiseanna simpliúcháin laistigh den chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair**

Mheas na toscaireachtaí uile go bhfuil tionscnaimh neamhrechtacha shonracha le meas agus le cur in ord tosaíochta, laistigh den chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair arna bhunú le RGCS, agus go mbeidh **ról lárnach ag na húdaráis mhaoirseachta agus ag BECS maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm RGCS a shimpliú**. Chuige sin, ba dhíol sásaimh do na Ballstáit Ráiteas Heilsincí ó BECS agus mhol siad go leanfaí dá chur chun feidhme mar ábhar tosaíochta.

- An gá atá le treoraíocht níos soiléire, níos praiticiúla agus níos rioscabhunaithe: is cosúil go bhfuil comhdhearcadh ginearálta ann maidir le treoraíocht earnáilsonrach, teimpléid léiritheacha, seicliostaí agus treoirlínte gonta lena n-aistrítear oibleagáidí teibí RGCS ina gcéimeanna nithiúla do rialaitheoirí agus do phróiseálaithe. Luadh saincheistanna sonracha, mar shampla anaithnidiú agus bréagaimniú, taighde eolaíoch nó cosaint mionaoiseach go háirithe i ndáil leis sin. D'iarr roinnt toscaireachtaí freisin go ndéanfaí an cur chuige rioscabhunaithe a chumhdaítear in RGCS a chomhtháthú agus a léiriú a thuilleadh sa léirmhíniú agus sa treoraíocht a chuireann na húdaráis mhaoirseachta agus BECS ar fáil ina dtreoirlínte faoi seach.
- Nósanna imeachta neartaithe chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara agus cleachtóirí: Leag na toscaireachtaí béim ar an luach atá le nósanna imeachta rialta trédhearcacha le haghaidh comhairliúcháin idir údaráis mhaoirseachta agus páirtithe leasmhara agus cleachtóirí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon. Cuireann na comhairliúcháin sin leis an muinín idir páirtithe leasmhara agus údaráis mhaoirseachta, cuidíonn siad le húdaráis mhaoirseachta tuiscint a fháil ar na saincheistanna is cúis le héiginnteacht sa chleachtas agus cuireann siad leis an trédhearcacht.

- Simpliú trí léirmhíniú comhchuibhithe: chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhfuil ról lárnach ag BECS maidir le léirmhíniú comhsheasmhach agus comhchuibhithe ar RGCS a áirithiú. Le treoirlínte an Bhoird agus le cur i bhfeidhm iomlán agus éifeachtach an tsásra comhsheasmhachta dá bhforáiltear faoi RGCS, ba cheart léirmhínithe náisiúnta éagsúla a laghdú agus srian a chur le cur chuige ró-chúramach maidir le comhlíonadh. Go háirithe, d’iarr roinnt toscaireachtaí liostaí uile-Aontais de ghníomhaíochtaí próiseála nach bhfuil gá le measúnú tionchair ar chosaint sonraí ina leith (ar a dtugtar ‘liosta bán’).
- Uirlisí comhlíontachta saincheaptha agus creataí tagartha atá réidh le húsáid: d’iarr líon mór toscaireachtaí go bhforbrófaí sraith aonfhoirmeach d’uirlisí praiticiúla comhlíontachta, a d’fhéadfadh a bheith tairbheach go háirithe d’eagraíochtaí beaga. D’fhéadfaí a áireamh leis sin, mar shampla, teimpléid maidir le fógra a thabhairt faoi shárú sonraí, taifid ar ghníomhaíochtaí próiseála agus measúnuithe tionchair ar chosaint sonraí. Luadh arís agus arís eile na huirlisí dá bhforáiltear faoi RGCS, go háirithe cóid iompair agus deimhniú, mar nithe a bheidh siad tairbheach chun comhlíonadh a éascú; ba cheart iad a chur chun cinn a thuilleadh, tacaíocht a thabhairt dóibh agus iad a shaincheapadh chun oiriúnú go háirithe do riachtanais eagraíochtaí beaga. Ina theannta sin, cuireadh i bhfios go láidir go bhfuil forbairt boscaí gainimh rialála an-ábhartha chun tacú leis an nuálaíocht.
- Tacaíocht spriocdhírthe do FBManna agus d’eagraíochtaí beaga eile: leis an bplé, bhíothas in ann raon beart neamhrechtach a shainaithe a d’fhéadfadh an t-ualach riaracháin ar oibreoirí beaga a laghdú: tairseacha féinmheasúnaithe nó ceistneoirí treoraithe ar líne. Luadh freisin gníomhaíochtaí múscailte feasachta arna ndéanamh ag údaráis mhaoirseachta, cistiú le haghaidh cláir oiliúna agus bunú deasca cabhrach tiomnaithe.
- Digitéil agus acmhainní: luaigh roinnt toscaireachtaí gur forbairt luachmhar iad réitigh nuálacha agus digitéil bhreise na n-uirlisí atá ar fáil d’údaráis mhaoirseachta chun comhoibriú eatarthu féin, agus chun idirghníomhú le hábhair sonraí agus le páirtithe leasmhara eile, chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú agus ar chur i bhfeidhm rianúil RGCS. Bhí baint ag an ngá le hacmhainní iomchuí d’údaráis mhaoirseachta leis an moladh sin freisin.

- An t-idirghníomhú idir RGCS agus reachtaíocht eile de chuid an Aontais a shoiléiriú: sainnithníodh gur príomhghnéithe iad an comhar idir rialtóirí inniúla agus an gá atá le treoirlínte comhpháirteacha ón mBord Eorpach um Chosaint Sonraí agus ón gCoimisiún Eorpach chun an idirghníomhaíocht idir RGCS agus píosaí eile de chreat rialála digiteach an Aontais a shoiléiriú a thuilleadh, go háirithe an Gníomh um an Intleacht Shaorga, an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha, an Gníomh um Margai Digiteacha agus an Dara Treoir NIS. Rinne roinnt toscaireachtaí tagairt freisin do reachtaíocht earnaála ina bhfuil forálacha aonair maidir le próiseáil sonraí pearsanta i ndáil leis sin.

### **(b) Roghanna sealadacha le haghaidh leasuithe spriocdhírthe ar RGCS**

Tugann an Uachtaránacht dá haire go bhfuil seasaimh éagsúla ag na toscaireachtaí maidir lena inmhianaithe atá sé tuilleadh leasuithe a dhéanamh ar RGCS ag an gcéim seo. **Luaigh** grúpa amháin toscaireachtaí **ábhair inní** maidir leis an tionchar ar an leibhéal cosanta agus ar dheimhneacht dhlíthiúil do ghnólachtaí mar argóintí cinntitheacha i gcoinne leasuithe spriocdhírthe fiú. Chuir grúpa eile toscaireachtaí in iúl go bhfuil siad **toilteanach** tograí **a mheas** amach anseo ag brath ar na húdair a ghabhann leo. Mhol an tríú grúpa toscaireachtaí **tograí nithiúla le haghaidh leasuithe teoranta agus spriocdhírthe** ar an gcreat dlíthiúil reatha chun cur i bhfeidhm RGCS a shimpliú. Áirítear ar na tograí sin:

- Cur chuige rioscabhunaithe níos láidre: Mhol roinnt toscaireachtaí go ndéanfaí oibleagáidí ar nós an dualgas oibleagáidí trédhearcachta a chur chun feidhme (Airteagail 13 agus 14); cosaint sonraí trí dhearadh (Airteagal 25), an ceanglas taifid de ghníomhaíochtaí próiseála a choimeád (Airteagal 30) agus an dualgas fógra a thabhairt faoi shárú sonraí pearsanta (Airteagal 33) a chalabhrú chuig an riosca iarbhír d'ábhair sonraí. Sa chleachtas, mheas roinnt toscaireachtaí go bhfágfadh sé sin go bhféadfaí próiseáil ísealriosca, go háirithe próiseáil ísealriosca arna déanamh ag eintiteas níos lú, a dhíolmhú ó na ceanglais doiciméadachta agus chomhlíontachta is troime.

- An t-ualach rialála a laghdú agus comhlíonadh a éascú: mhol roinnt toscaireachtaí bearta spriocdhírthe chun an t-ualach a bhaineann le hoibleagáidí áirithe RGCS a laghdú, go háirithe d'eintitis bheaga. Áirítear leis sin an fhéidearthacht na hoibleagáidí faisnéise (Airteagail 13 agus 14) a chomhlíonadh trí URL buan nó cód QR a chur ar fáil a nascann le fógra príobháideachais mionsonraithe, leasuithe sonracha chun tionchar iarrataí mí-úsáideacha a chomhrac (Airteagail 15 agus 57) agus an fhéidearthacht na ceanglais doiciméadachta faoi Airteagal 24 a shimpliú.
- Fógraí faoi sháruithe sonraí a shimpliú: ag teacht leis an bplé a rinneadh roimhe seo a tionscnaíodh faoi Uachtaránacht na Polainne i ndáil leis sin, mhol roinnt toscaireachtaí pointe teagmhála aonair nó 'ionad ilfhreastail' le haghaidh tuairisciú teagmhas trasteorann faoi chreataí cosanta sonraí agus cibearshlándála an Aontais, chun aighneachtaí dúblacha chuig roinnt údaráis mhaoirseachta a sheachaint. Luadh prionsabal na haonuaire, trínar féidir le rialtóir amháin faisnéis a thugtar do rialtóir eile a athúsáid, mar bhealach chun tuairisciú atriallach a laghdú. Mhol roinnt toscaireachtaí simpliú a dhéanamh ar an tairseach chun fógra a thabhairt d'údaráis mhaoirseachta faoi sháruithe sonraí. Mhol toscaireacht freisin sprioc-am 3 lá oibre a chur san áireamh le haghaidh fógraí faoi sháruithe sonraí (seachas an 72 uair an chloig atá ann faoi láthair).
- Sainmhíniú agus coincheapa a shoiléiriú chun cur i bhfeidhm a shimpliú: luaigh toscaireacht amháin an gá le soiléiriú a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le cinnteoireacht uathoibrithe (Airteagal 22), rialaitheoirí comhpháirteacha (Airteagal 26) nó comhaontuithe próiseála (Airteagal 28) chun comhlíonadh a éascú. Luadh freisin an gá atá leis an ngaol idir anaithnidiú agus bréagaimniú a oiriúnú, i gcomhréir le cásdlí CBAE. Luaigh toscaireacht amháin deacrachtaí freisin i ndáil le hAirteagal 9 a chur i bhfeidhm maidir le hobair fóirithinte tubaistí.

- *Forfheidhmiú a chur in oiriúint:* measann roinnt toscaireachtaí freisin gur gá breathnú ar fhorálacha RGCS a bhaineann lena fhorfheidhmiú agus le bearta ceartaitheacha agus fineálacha riaracháin a fhorchur, agus molann siad cur chuige ‘réiteach roimh smachtbhannaí’ le haghaidh mionsáruithe agus comhtháthú breise a dhéanamh ar an gcur chuige rioscabhunaithe maidir le leibhéal na smachtbhannaí a fhorchuirtear a shainiú. Ar an gcaoi chéanna, d’fhéach toscaireacht amháin ar choinníollacha áirithe a thabhairt isteach maidir leis an gceart chun gearán a thaisceadh.
- *Comhsheasmhacht chothrománach an chreata rialála dhigitigh a áirithiú:* Leag a lán toscaireachtaí béim ar an ngá le comhsheasmhacht le RGCS a áirithiú ar fud chreat rialála digiteach an Aontais. Measann roinnt toscaireachtaí gur leor treoirlínte comhpháirteacha agus comhar trasrialála chun na críche sin, agus chuir toscaireachtaí eile in iúl go bhféadfaí níos mó comhsheasmhachta a bhaint amach trí leasuithe reachtacha.

#### **IV. CONCLUÍD AGUS AN BEALACH CHUN CINN**

Ar bhonn an tsrutha plé sin a tionóladh faoi Uachtaránacht na Danmhairge, is féidir a thabhairt chun suntais go bhfuil RGCS fós ina ionstraim thábhachtach chun cearta bunúsacha a choimirciú sa ré dhigiteach ós rud é go meastar go mbeadh athoscailt iomlán fritorthúil. Mar sin féin, measann an Uachtaránacht gur féidir i gcónaí an t-ualach riaracháin agus rialála a chuireann sé ar go leor rialaitheoirí a laghdú, go háirithe FBManna agus eagraíochtaí atá bunaithe ar shaorálaithe, trí mheascán de **threoraíocht shoiléir phraiticiúil, éascú digiteach agus acmhainní digiteacha, trí chur chuige rioscabhunaithe a chomhtháthú a thuilleadh** agus, b’fhéidir, trí **mhionchoigeartuithe reachtacha teoranta spriocdhírthe.**

Chun na críche sin, meabhraítear don Uachtaránacht go mba dhíol sásaimh do na Ballstáit Ráiteas Heilsincí ó BECS agus mhol siad go leanfaí dá chur chun feidhme mar ábhar tosaíochta. Tugann an Uachtaránacht dá haire freisin go bhféadfadh an Omnibus Digiteach atá ar na bacáin ón gCoimisiún an deis a chur ar fáil féachaint isteach a thuilleadh sna ceisteanna a leagtar amach sa tuarascáil seo.

Cuireann an Uachtaránacht chun suntais gur cuspóir athfhillteach comhroinnte iad an **deimhneacht dhlíthiúil, iomaíochas ghnólachtaí na hEorpa agus ardleibhéal cosanta sonraí pearsanta** i gcaitheamh an phlé straitéisigh sin ar fad, ar cheart dó cur le forbairtí beartais agus reachtacha amach anseo.

Mar fhocal scoir, tugann an Uachtaránacht dá haire, de réir na tuairime forleithne sa Chomhairle, go bhfuil sé rithábhachtach comhsheasmhacht a áirithiú sna ngníomhartha dlíthiúla chun cur i bhfeidhm simplithe RGCS a áirithiú. Sa chomhthéacs sin, is mian leis an Uachtaránacht a thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé a bheith tairbheach ní hamháin machnamh a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir aghaidh a thabhairt ar neamhréireachtaí nó doiléire sa chreat dlíthiúil atá ann faoi láthair – ach freisin ar conas cruthú neamhréireachtaí nó doiléire a sheachaint i gcomhthéacs tograí reachtacha a bheidh ann amach anseo a bhfuil baint acu le RGCS.